**Comhairle Chontae na Gaillimhe**
**Galway County Council**

**FODHLÍTHE MAIDIR LE RIALÁIL**
**CHUAN INIS OÍRR 2022**

Tugtar fógra leis seo go bhfuil Fodhlíthe déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, de bhun Chuid 19 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 arna leasú, agus Cuid 2 den Acht um Shábháilteacht Mhuirí, 2005 agus Alt 13, 89 agus an séú sceideal den Acht Cuanta 1966 arna leasú.

Is é cuspóir ginearálta na bhFodhlíthe seo ná rialú Chuan Inis Oírr, Inis Oírr, Árainn, Co. na Gaillimhe. Tiocfaidh na fodhlíthe seo i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2022.

Cuimsíonn na Fodhlíthe seo foráil d'íocaíocht do mhéid sonraithe mar rogha malartach d'ionchúiseamh do shárú na bhFodhlíthe seo mar atá soláthartha ag Alt 206 den Acht Rialtais Áitiúil 2001.

Beidh cóipeanna de **Fhodhlíthe Chuan Inis Oírr 2022** lena n-áirítear léarscáil suímh, ar fáil lena n-iniúchadh ag an bpobal le linn ghnáthuaireanta oifige ag na hoifigí seo a leanas:

- An tAonad Infreastruchtúir & Oibríochtaí, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh;
- Oifig Ceantair na Ceathrún Rua, Comhairle Chontae na Gaillimhe, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe;
- Comhar Caomhán Teo, Inis Oírr, Árainn, Co. na Gaillimhe.

Is féidir cóip de na Fhodhlíithe a cheannach ar €10, CBL san áireamh, ar iarratas chuig an tAonad Infreastruchtúir & Oibríochtaí, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh.

Is féidir breathnú ar an bhfógra seo agus ar na Fodhlíthe NÓ iad a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na Comhairle: www.gaillimh.ie

J. Brann

Rúnaí Contae